Aonad 2: Aer Glan

Tá ceart ag gach duine againn chuig aer glan agus a fhios a bheith againn nach ndéanfaidh an t-aer a bhíonn á análú againn dochar dúinn. Tá an t-aer in Éirinn an-mhaith de réir caighdeán idirnáisiúnta, a bhuíochas sin, den chuid is mó, dár suíomh ar imeall Aigéan an Atlantaigh. Tagann an bhagairt is mó ar cháilíocht an aeir in Éirinn, áfach, ó thrácht bóithre agus ó thinte teaghlaigh, go háirithe i gceantair uirbeacha.

Pointe Teagaisc

Tá toradh diúltach ar fhás agus ar leathnú tráchta inár mbailte agus inár gcathracha, rud is gá a bhainistiú. Is féidir le deatach ó thinte teaghlaigh tionchar áitiúil a imirt.

Torthaí Foghlama

Déanfaidh na daltaí na rudaí seo a leanas:

- Staid na tráchta sa phobal áitiúil a mheasúnú.
- Príomhfhoinsí na faidhbe a aithint.
- Bearta i gcumas daoine chun dul i ngleic leis an bhfadhb a lua.
- Straitéisí dá gcuid féin a lua mar réiteach ar fhadhbanna tráchta ina gceantar féin (nó sa cheantar uirbeach is cóngaraí ina bhfuil fadhbanna tráchta).
- Rud eile is féidir le daltaí a dhéanamh, suirbhé a cheapadh maidir le nósanna daoine ó thaobh tinte teaghlaigh de: an breosla gan toit a bhíonn á dhó acu, nó an ndónn siad dramhaíl, mar shampla?

Gearrthóga Eco Eye Clips Agus Cleachtaí Tuisceana

(NB. Ná déan dearmad iad a phriontáil agus a ullmhú roimh ré).

Comaitéireacht níos glaise chun na scoile agus chun na hoibre

Is é truailliú an aeir ag astuithe ó thrácht ar na bóithre an bhagairt is mó atá ann do cháilíocht ár n-aeir. Tá cúiseanna go leor chun dul amach as an gcarr – brú tráchta, sábháilteacht, sláinte agus athrú ar aeráid. Sa ghearrthóg seo, breathnaíonn Duncan ar cad atá ar siúl ag scoileanna, ag comhlachtaí agus ag ospidéal amháin chun tionchar comhshaoil a modhanna taistil a laghdú.

Breathnaigh ar na gearrthóga agus comhlánaigh na cleachtaí tuisceana.

Gníomhaíochtaí

Cruthóidh daltaí íomhá den úsáid dob fhéidir a bhaint as modhanna inbhuanaithe iompair chun na scoile. Iarr ar dhaltaí meastachán a dhéanamh maidir leis an achar slí chun na scoile ón áit ina bhfuil cónaí orthu agus a modhanna taistil. Iarr ar dhaltaí a théann chun na scoile de shiúl nó de rothaíocht, cén t-achar ama a ghlacann an turas taistil sin agus fad na slí a mheas. Bíonn plé sa rang maidir le cad is achar réasúnta slí chun dul chun na scoile de shiúl nó de rothaíocht (thart faoi 10-15 nóiméad a ghlacann sé ciliméadar a shiúl.

1. Obair le léarscáileanna

- Is féidir le daltaí dul ag obair i bpéirí nó i ngrúpaí beaga.
- Nithe a bheidh ag teastáil ó gach grúpa: Compás agus cóip de léarscáil 1:50,000 OS den cheantar laistigh de raon 10km den scoil agatsa (le priontáil ó léarscáileanna Scoilnet http://maps.scoilnet.ie/ nó ó léarscáileanna EPA http://maps.epa.ie/ .
- Tagann daltaí ar chomhaontú i dtaobh na n-achar slí atá réasúnta, dar leo, maidir le dul chun na scoile de shiúl nó de rothaíocht.
- Tarraingíonn daltaí trí cinn de chiorcail chomhlárancha leis an scoil ag an lár, chun na criosanna sin a léiriú. D'fhéadfadh an chéad cheann, mar shampla, a bheith laistigh de raon 1 - 2 km den scoil (siúlóid éasca d'achar slí), an dara ceann a bheith laistigh de raon 3km den scoil (achar slí réasúnta de shiúl nó de rothaíocht) agus an tríú ceann laistigh de raon 5km den scoil (fad rothaíochta).
- Aibhsigh bealaí iompair phoiblí ar bith (busanna, traenacha, DART, luas) i gcóngar na scoile.

- Aibhsigh “baill bhrú tráchta” (áiteanna ar dóigh brú mór tráchta a bheith iontu in am broidiúil tráchta).
- Aibhsigh raoin rothair nó bealaí sábháilte rothaíochta. Úsáid an léarscáil (i mbileoga, i bpóstaeir nó i léiriú PowerPoint) mar chuid d’fheachtas chun roghanna comaitéireachta glaise a aibhsiú do lucht foirne agus do dhaltaí. Is féidir le daltaí níos mó eolais a fháil maidir leis an gceathrú téama Scoileanna Glasa ar http://www.greenschoolsireland.org/ .

2. Taighde aonair – Suirbhé ar aistear chun na hoibre

Iarrtar ar dhaltaí suirbhé a chomhlánú maidir pátrúin taistil chun na hoibre deichniúr dá gcomharsana. Soláthróidh grúpa ranga 20 dalta suas le 200 freagra comhlánaithe. Ba cheart go gcuirfeadh an suirbhé na ceisteanna seo a leanas ar gach freagróir

- a (h)ionad oibre
- a m(h)odh iompair
- líon na bpaisinéirí (más carr a bhíonn in úsáid)
- a d(h)earcadh maidir leis an trácht agus leis an achar ama i mbun taistil
- feabhsuithe nó malairtí ar bith a bheadh le moladh aige/aici

Ba cheart do na daltaí ceistneoir gearr a dhearadh agus an suirbhé a chomhlánú mar obair bhaile

3. Obair i ngrúpaí

Is féidir na torthaí arna mbailiú ag gach dalta a chur le chéile. Ina dhiaidh sin, ba cheart anailís a dhéanamh ar na sonraí maidir le haistir chun na hoibre de réir achar slí, rud is féidir a ríomh le léarscáileanna agus a rangú le tairseacha, mar shampla:

- achar taistil suas le 1 km
- achar taistil idir 3 agus 5 km
- achar taistil idir 5 agus 10 km
- achar taistil os cionn 10 km

Is féidir na ceisteanna eile a rangú agus gach freagra malartach a léiriú mar chéatadán den líon iomlán freagróirí. Ba cheart na torthaí sin a léiriú mar ghraif. Ansin, is féidir roinnt tátal a bhaint astu i dtaobh na n-achar slí chun na hoibre, na modhanna taistil agus áitíocht i bhfeithiclí. Ba cheart do gach dalta machnamh a dhéanamh ar inbhuanaitheacht na gcúrsaí sin agus díriú ar mhalairtí maidir le cur chuige, de réir mar a léirítear sa ghearrthóg scannáin.

Mar mhalairt, ach comhlacht áitiúil a fhostaíonn líon mór daoine a bheith sásta, d'fhéadfadh daltaí an suirbhé a reáchtáil ansin agus díriú ar plean a fhorbairt maidir le comaitéireacht níos glaise le cur faoi bhráid an chomhlachta.

4. Obair taiscéalaíochta allamuigh

Dírigh ar fhadhb a bhaineann le bainistiú tráchta sa phobal agatsa atá pléite agat agus déan cíoradh níos grinne uirthi.

Remember the steps!

Céim 1: Sainaithin eochairaidhmeanna nó foirmligh hipitéis

Céim 2: Sainaithin agus faigh na hábhair chúlracha a theastaíonn

Céim 3: Sainaithin príomh-mhodhanna cruinnithe do chuid faisnéise

Céim 4: Sainaithin na príomhthorthaí agus bain tátail astu

Céim 5: Sainaithin gníomhaíochtaí indéanta a d'fhéadfadh cúrsaí a fheabhsú

Teideal an Imscrúdaithe: trácht agus páirceáil inár gceantar féin

Céim 1: Aidhmeanna

- An sruth tráchta in aice do scoile a shainaithint thar 3 lá samplacha.
- Na saghsanna feithiclí ag taisteal sa dá threo a rangú thar 2 uair a chloig shamplacha ar gach lá samplach.
- Líon na ndaoine i ngach carr a théann thart a chomhaireamh.

- Líon na spásanna páirceála atá ar fáil a chomhaireamh agus suirbhé a dhéanamh ar úsáid na spásanna sin le linn na n-uaireanta samplacha.
- Tástáil an hipitéis seo: “Feithiclí aontaistealaí is ea formhór na bhfeithiclí”.

Céim 2: Ullmhúchán agus ábhair chúlracha

- Cruinnigh figiúirí, staidéir nó suirbhéanna tráchta ar bith a sholáthraíonn Údarás Áitiúil do cheantair féin: http://www.environ.ie/en/LocalGovernment/LocalGovernmentAdministration/LocalAuthorities/ .
- Féach an suíomh idirlín atá ag an bPríomh-Oifig Staidrimh: www.cso.ie. Tá fáil ar an suíomh sin ar shonraí maidir le taisteal chun na hoibre in alt Comhshaoil Chúinne na nDaltaí.
- Féach an suíomh idirlín atá ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil: www.epa.ie chun eolas a fháil maidir le trácht agus le cáilíocht aeir.

Céim 3: Modhanna cruinnithe sonraí

- Roghnaigh pointí sábháilte chun do shuirbhé a reáchtáil.
- Roghnaigh do laethanta samplacha go randamach ó Luan go hAoine.
- Roghnaigh do dhá uair a chloig sa ló go randamach.
- Déan do bhileoga comhairimh don suirbhé tráchta a dhréachtadh (bileog shampach faoi iamh).
- Déan do bhileog don suirbhé tráchtadh a dhreachtadh (bileog shamplach faoi iamh).
- Déan an rang a roinnt i ngrúpaí agus saghsanna éagsúla feithiclí a chomhaireamh le linn a ndul thar do phointe suirbhéireachta. Ba cheart go ndéanfadh duine nó beirt de na daltaí an saghas feithicle a ghlaoch amach agus duine eile díobh an toradh a iontráil ar an mbileog taifeadta. Ba cheart do ghrúpa eile dul ag obair ar an ráta áitíochta; ba cheart

do dhalta amháin líon na ndaoine i ngach carr a mheas agus a ghlaoch amach agus dalta eile an fhaisnéis sin a thaifeadadh ar an mbileog taifeadta.

- Ba cheart do ghrúpa eile daltaí líon na spásanna folmha páirceála a chomhaireamh ag tús gach uair a chloig shamplaí. Ba cheart dóibh rud ar bith ar díol spéise é a bhreacadh síos, .i. droch-chleachtas páirceála, páirceáil dhúbailte, limistéir níos broidiúla ná limistéir eile, soláthar páirceála do dhaoine faoi mhíchumas nó soláthar páirceála do dhaoine faoi mhíchumas in úsáid ag daoine nach bhfuil faoi mhíchumas agus limistéir inar cosúil go mbíonn páirceáil feadh an lae ar siúl iontu.

Céim 4: Torthaí agus tátail ns

- Ar ais sa rang, déan grúpaí de agus oibrigh torthaí bunúsacha amach. Ba cheart do ghrúpa amháin na feithiclí a chomhaireamh agus a rangú. Oibrigh amach na céatadáin do gach ceann díobh as líon iomlán na bhfeithiclí arna dtaifeadadh.
- Ba cheart do ghrúpa eile daltaí na staitisticí ráta áitíochta a oibriú amach, ina léirítear an líon daoine sna carranna, ó fheithiclí gan iontu ach an tiománaí suas go feithiclí le níos mó ná cúigear iontu.
- Ba cheart do ghrúpa eile an céatadán de spásanna páirceála a bhíonn ar fáil le linn uaireanta an tsuirbhé.
- Ba cheart na torthaí ar fad a léiriú mar ghraf.
- Bain tátail astu anois, i dtaca le:
    - Sruthanna tráchta agus saghsanna feithiclí
    - Rátaí áitíochta feithiclí – ar fíoraíodh an hipitéis, nó ar bréagnaíodh í?
    - Fáil ar pháirceáil
- Má cheapann tú go bhfuil gá le leasuithe, luaigh do mholtaí féin ina leith sin.

Céim 5: Gníomh

- Déan léiriú as do chuid torthaí agus cuir ar taispeáint in áras poiblí iad.

- Cuir do chuid torthaí go dtí an Údarás Áitiúil, in éineacht le do mholtaí faoi athrú.
- Scríobh tuairisc don nuachtán áitiúil chun do thátail agus do mholtaí a aibhsiú.
- Tabhair cuireadh d'ionadaí áit úil teacht chun an cheist a phlé le do rang.

Suirbhé Ar Spásanna Páirceála

Dáta:

Am:

Láthair:

Ainm(neacha) dalta(í):

An líon iomlán spásanna sa limistéar atá faoi shuirbhé:

Líon na spásanna a bhí ar fáil ag tús uair a chloig a haon:

Líon na gcarranna a páirceáladh in uair a chloig a haon:

Líon na spásanna a bhí ar fáil ag tús uair a chloig a dó:

Líon na gcarranna a páirceáladh in uair a chloig a dó:

Nótaí maidir le tráchtaireacht ábhartha ar bith: droch-chleachtas páirceála, páirceáil dhúbailte, limistéir níos broidiúla ná limistéir eile, soláthar páirceála do dhaoine faoi mhíchumas nó soláthar páirceála do dhaoine faoi mhíchumas in úsáid ag daoine nach bhfuil faoi mhíchumas agus limistéir inar cosúil go mbíonn páirceáil feadh an lae ar siúl iontu.

Bileog Taifeadta do Shuirbhé Tráchta

Dáta: **Am:**

Láthair:

Ainm(neacha) dalta(í):

Líon na ndaoine in aghaidh na feithicle:

1	2	3	4	5 nó níos mó

Líon na ndaoine in aghaidh na feithicle:

1	2	3	4	5 nó níos mó

An saghas feithicle:

Carr (suas le 5 suíochán)	Carr (5-7 suíochán)	Veain – trucail – leoraí (feithicil tráchtála)	Mionbhus	Bus